Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 23 Samhain 2023**
**(OR. en)**

**15938/23**

**ECOFIN 1274**
**ENV 1367**
**CLIMA 590**
**FIN 1234**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 23 Samhain 2023 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le maoiniú idirnáisiúnta don aeráid in oirchill an 28ú Comhdháil de na Páirtithe (COP 28) faoi UNFCCC a bheidh ar siúl in Dubai an 30 Samhain go dtí an 12 Nollaig 2023<br>- Mír nua in ionad mhír 15 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, mír 15 nua de na conclúidí ón gComhairle maidir le maoiniú idirnáisiúnta don aeráid in oirchill an 28ú Comhdháil de na Páirtithe i gCreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (UNFCCC COP 28), a thagann in ionad mhír 15 de na conclúidí sin roimhe seo, a ghlac an Chomhairle an 28 Samhain 2023.

**IARSCRÍBHINN**

15. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS ranníocaíocht an Aontais agus na mBallstát sa bhliain 2022 chun tacú leis an ngníomhaíocht ar son na haeráide i dtíortha i mbéal forbartha, EUR 28.5 billiún[1] i maoiniú poiblí idirnáisiúnta, agus EUR 11.9 billiún[2] i maoiniú príobháideach a cuireadh ar fáil.

---

[1] Ar an bhfigiúir seo, áirítear foinsí maoinithe don troid i gcoinne an athraithe aeráide ó bhuiséid phoiblí agus institiúidí airgeadais forbartha eile, agus ríomhtar é bunaithe ar ghealltanais do ranníocaíochtaí déthaobhacha agus eisíocaíochtaí de ranníocaíochtaí iltaobhacha, mar a thuairisceoidh na Ballstáit ar bhonn Airteagal 19.3 de Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018. Áirítear san fhigiúr sin freisin maoiniú don troid i gcoinne an athraithe aeráide dar luach EUR 4.0 billiún ó bhuiséad an Aontais agus ón gCiste Eorpach Forbraíochta, agus EUR 5.7 billiún ón mBanc Eorpach Infheistíochta.

[2] Baineann an figiúr leis an tacaíocht phríobháideach airgeadais arna slógadh trí idirghabhálacha poiblí (ráthaíochtaí, iasachtaí sindeacáite, infheistíocht dhíreach i gcuideachtaí, línte creidmheasa, etc.). Ní áirítear ann aon airgeadas poiblí a úsáidtear chun an tacaíocht phríobháideach airgeadais sin a shlógadh.